Clár

Na Cluichí Oilimpeacha Fadó 3

Traidisiúin na gCluichí Oilimpeacha . . .6

Cuir Aithne ar na Lúthchleasaithe . . .10

Cluichí an tSamhraidh 12

Cluichí an Gheimhridh 16

Na Cluichí Oilimpeacha Speisialta 20

Gluais 23

Innéacs 24

Na Cluichí Oilimpeacha Fadó

Ar mhaith leat rás a rith agus tú ag caitheamh armúr trom? An nglacfá páirt i gcluiche nach raibh aon riail ag baint leis ach "Níl cead agat greim a bhaint as duine ná méar a chur i súil duine"? Cad a shílfeá mura mbeadh duais ann ach amháin don bhuaiteoir? Bhuel, sin mar a bhí na Cluichí Oilimpeacha fadó.

Bhí na chéad Chluichí Oilimpeacha sa tSean-Ghréig beagnach 3,000 bliain ó shin. Thug na cluichí onóir don dia Séas (Zeus). Ba é an dia ba chumhachtaí é sa seanchreideamh Gréagach. Bhíodh na cluichí ag na Gréagaigh gach ceithre bliana.

Dealbh de Shéas (Zeus) ag iompar an tóirse Oilimpigh

Tháinig daoine as gach cearn den Ghréig chun na cluichí a fheiceáil. Tháinig daoine eile chun páirt a ghlacadh sna cluichí. Ach ní raibh cead ach ag fir dul san iomaíocht.

Ar dtús, ní raibh ann ach rás gearr coise. Gan mhoill cuireadh spóirt eile leis, mar shampla, dornálaíocht agus rás carbaid. Bhí an t-ainm pankration ar chluiche amháin. Meascán de dhornálaíocht, **choraíocht** agus chiceáil a bhí ann. Thiocfadh le **hiomaitheoirí** beagnach aon rud a dhéanamh chun an bua a fháil. Ní raibh ann ach dhá riail. Ní raibh cead ag iomaitheoirí greim a bhaint as a chéile nó méar a chur i súile a chéile.

Bhronn siad coróin déanta de bhrainsí olóige ar na buaiteoirí. Bhí an crann olóige an-tábhachtach sa tsean-Ghréig. Ní raibh aon duais ann don dara háit ná don tríú háit.

Rás carbaid